An Curaclam Athbhreithnithe

Cén dóigh a ndéanfaidh muid measúnú ar do pháiste agus é a thuairsciú duit

Faisnéis do Thuistí Bunscoile 2008/09

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear
INVESTOR IN PEOPLE

A thuiste, a chara,

Leagann an bhileog seo amach duit an dóigh a rachaidh an curaclam athbhreithnithne i bhfeidhm ar an oideachas atá do pháiste ag fáil. Bhí seans agam cuairt a thabhairt ar chuid mhaith scoileanna agus bhí mé ábalta a fheiceáil an dóigh a bhfuil sé ag tabhairt níos mó solúbhtachta do mhúinteoirí chun riar ar riachtanais oideachasúla ár bpaistí uile.

Tá luathbhlianta in oideachas páiste ríthábhachtach, agus seo an fáth a ndearadh an Bhonnchéim chun cuidiú le forbairt na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bheidh de dhíth orthu ar feadh a saoil. Agus páistí ag déanamh dul chun cinn tríd a mblianta bunscoile, tabharfar isteach scileanna nua agus forbrófar iad faoi luas atá ag foirsteán do na riachtanais agus na cumais atá acu.

Tá na gnéithe uile riachtanacha a bheidh de dhíth ar do pháiste lena n-ullmhú don iarbhunscolaíocht taobh istigh den churaclam athbhreithnithe agus tá mé muiníneach go dtabharfaidh ár bPríomhoidí agus ár múinteoirí tosaíocht i gcónaí do leas ár bpáistí uile.

Is Mise Le Meas

Caitríona Ruane
Aire Oideachais

Curaclam Athbhreithnithe

Tá curaclam athbhreithnithe scoile á thabhairt isteach, ag clúdach na seacht mbliana de bhunscolaíocht (Blianta 1 go 7) agus na céad chúig bliana den iarbhunscolaíocht (Blianta 8 go 12) mar a leanas:

Bliain Acadúil	Curaclam Athbhreithnithe ann do Bhliainghrúpaí
2007/08	Bl 1,5,8,11
2008/09	Bl 2,6,9,12
2009/10	Bl 3,4,7,10

Ag Meitheamh 2012 beidh ar a laghad trí bliana de chur i ngníomh do gach bliainghrúpa ag scoileanna.

Cad chuige cuarclam athbhreithnithe? Cad iad na buntáistí do mo pháiste?

Cónaíonn muid anois i ré úr atá ag athrú agus caithfidh an curaclam scoile bheith in oiriúint dóibh. is fearr a ullmhóidh an curaclam athbhreithnithe páistí do shaol agus d'obair an 21ú chéad, an t-oideachas agus na scileanna a bheidh de dhíth orthu á gcur ar fáil ann.

Tá roinnt rudaí nach mbeidh ag athrú. Tá na gnéithe atá clúdaithe ag an churaclam athbhreithnithe a bheag nó a mhór mar an gcéanna leo siúd a bhí clúdaithe sa churaclam roimhe. Beidh forbairt faisnéise agus tuisceana do pháiste go fóill ina tosaíocht. Agus beidh fócas láidir ar léitheoireacht, ar scríbhneoireacht agus ar mhatamatic, a bheidh i gcroílár dhul chun chun do pháiste in oideachas agus sa saol mór amach anseo.

Is é an rud atá ag athrú, murab ionann agus an curaclam roimhe, ná nach bhfuil an t-ábhar do gach gné leagtha amach le mórshonraí. Anois is mó béim atá ar fhorbairt na scileanna atá de dhíth ar do phaiste – is é sin, na rudaí a thig leo a dhéanamh, ní amháin na rudaí atá ar eolas acu agus a thuigeann siad.

Sa Bhonnchéim tá sé níos fusa do mhúinteoirí deiseanna a

thabhairt do do pháiste ag iad ag toiseacht ar scoil foghlaim i ndóigheanna praicticiúla, mar shampla, le gníomhachtaí shúgradh struchtúrtha. Cuideoidh seo leo a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, a léitheoireacht agus a dteanga labhartha san áireamh. Ciallaíonn sé go dtig le múinteoirí cuidiú le do pháiste foghlaim i mbealach sultmhar, ag ceapadh a samhlaíochta agus ag cuidiú leo sult a bhaint as an fhoghlaim.

As siocair nach bhfuil muid ag leagan amach ábhar an churaclaim leis an líon céanna sonraí, beidh níos mó solúbthachta ag scoileanna / múinteoirí leis an dóigh a dtugann siad an curaclam chun riachtanais páistí a chomhlíonadh.

Beidh múinteoirí, agus iad ag cloí leis an churaclam athbhreithnithe, go fóill ag díriú ar chuidiú le dul chun cinn do pháiste i ngach gné den churaclam agus tacóidh siad le forbairt scileanna do pháiste. San áireamh leis seo tá na scileanna atá fostóirí ag iarraidh, macasamhail na scileanna riachtanacha i léitheoireacht, scríbhneoireacht agus mata, scileanna i TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide), cumas maith cumarsáide, obair le daoine eile agus fadhbanna a réiteach.

Is fearr a ullmhóidh seo uile do pháiste do shaol agus d'obair i ndomhan atá ag athrú.

Tá gach páiste i dteideal oideachais leathan chothromaithe, a gheobhaidh siad tríd an churaclam athbhreithnithe. Do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, oibreoidh múinteoirí libh mar thuistí chun riachtanais páistí a aithint agus chun tabhairt fúthu. Má tá riachtanais speisialta ag do pháiste, mar gheall ar dheacracht fhoghlama, cuirfidh an scoil plean aonarach oideachais in áit. Má tá na riachtanais

speisialta oideachais iontach suntasach,is féidir go gcuardóidh an scoil comhairle, tacaíocht nó measúnú ón Bhord áitiúil Oideachais agus Leabharlainne.

Cad iad na gnéithe a chlúdóidh an curaclam athbhreithnithe?

Mar aon le Teagasc Reiligiúin, tá na gnéithe seo a leanas clúdaithe ag an churaclam athbhreithnithe:

Bunscoil
Teanga & Litearthacht
Matamaitic & Uimhearthacht
Na hEalaíona (Ealaín & Dearadh, Dráma agus Ceol)
An Domhan Thart Orainn (Tíreolaíocht, Stair, Eolaíocht & Teicneolaíocht)
Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint
Corpoideachas

Athróidh mionábhar an churaclaim athbhreithnithe agus do pháiste ag dul chun cinn ó Eochairchéim amháin go dtí ceann eile. Is iad seo na hEochairchéimeanna:

Bonnchéim	Blianta 1 agus 2 i mbunscoil
Eochairchéim 1	Blianta 3 agus 4 i mbunscoil
Eochairchéim 2	Blianta 5, 6 agus 7 i mbunscoil
Eochairchéim 3	Blianta 8, 9 agus 10 in iarbhunscoil
Eochairchéim 4	Blianta 11 agus 12 in iarbhunscoil

Is iad seo na 12 bhliain a chaithfidh do pháiste bheith ar scoil. I nidiaidh Eochairchéim 4 b'fhéidir go rachaidh siad isteach sa séú bliain I scoil nó go coláiste breisoideachais, nó traenáil a fháil nó post.

Measúnú Dhul Chun Cinn do Pháiste

Déanfaidh múinteoir ranga nó ábhair measúnú go fóill ar do pháiste chun a fháil amach cad é mar atá ag éirí leo ar scoil. Cuidíonn seo le múinteoirí an dul chun cinn atá déanta ag do pháiste

a fheiceáil, cad é atá furasta agus cad é atá deacair do do pháiste san áireamh. Tugann seo eolas a thig le scoileanna a thuairisciú duit. Cuidíonn sé fosta le múinteoirí an dóigh a phleanáil chun cuidiú le do pháiste dul chun cinn is mó a dhéanamh. Tugann sé eolas chun cuidiú le páistí níos sine roghanna a dhéanamh faoi na cúrsaí scrúduithe a dhéanfaidh siad agus na cáilíochtaí agus na gairmeacha atá siad á gcuardach.

Déanfaidh múinteoirí measúnú go fóill ar do pháiste i ngach gné dhifriúil den churaclam. Déanfar seo chun a fháil amach cén eolas agus tuiscint a fuair do pháiste le linn na scoilbhliana. Tig le múinteoirí bealaí difriúla chun páistí a mheas agus thiocfadh leo cineálacha difriúla measúnaithe a úsáid chun cuidiú leo an áit a bhfuil do pháiste ag sa scoilbhliain in amanna difriúla.

Faoi láthair, sna príomhghnéithe den Teanga & Litearthacht agus Matamaitic & Uimhearthacht, tig le múinteoirí measúnuithe a dhéanamh chun an dul chun atá déanta ag do pháiste a mheaitseáil in éadan leibhéil ar leith. (Ag deireadh Eochairchéimeanna 1,2 agus 3 tá muid ag súil le páistí bheith ábalta leibhéil ar leith a bhaint amach.)

Beidh muid ag déanamh roinnt athruithe le socruithe measúnachta chomh luath agus atá an curaclam athbhreithnithe in áit do gach páiste i mBlianta 1 go dtí 12. Tá seo ann chun an fócas sa churaclam ar scileanna riachtanacha, mar shampla cumarsáid agus úsáid Mhatamaitice, a léiriú. Beidh measúnú ann in éadan na leibhéal a bhaineann leis na scileanna seo. Tabharfaidh seo le fios duit an dul chun cinn atá do pháiste ag déanamh agus má bhain siad amach an leibhéal ceart cuí dá n-aois mar shampla léitheoireacht, scríbhneoireacht agus mata. Gheobhaidh tú níos mó eolais faoi na leibhéil seo sula mbainfear úsáid astu chun do pháiste a mheas. Déanfar measúnú go fóill ar pháistí i ngaelscoileanna nó in aonaid trí mheán na Gaeilge.

InCAS i mbunscoileana

Cuidíonn an Corás Mheasúnú Idirghníomhach Ríomhairithe (CMIR nó InCAS) le múinteoirí bunscoile an t-ábhar a mhothaíonn do pháiste

atá furasta nó deacair a aimsiú sna príomhghnéithe den léitheoireacht agus den mhatamaitic. Déantar na measúnuithe seo i dtéarma an fhómhair (Meán Fómhair go Nollaig) sa dóigh is go dtig le múinteoirí na fothorthaí a fheiceáil go luath sa scoilbhliain. Comhlánóidh siad cineálacha eile measúnaithe atá in úsáid ag an scoil. San áireamh beidh fothoradh aois léitheoireachta agus fothoradh aois mhatamaitice, ag léiriú an dóigh a bhfuil ag eirí leo dá n-aois. Cuideoidh seo le múinteoirí an dóigh a shocrú chun cuidiú le do pháiste dul chun cinn a dhéanamh.

Déanfaidh páistí i scoilbhlianta ar leith na measúnuithe InCAS

Scoilbhliain	Bliainghrúpaí ag fáil measúnuithe InCAS i dtéarma an fhómhair
2008/09	Blianta 5 agus 6
2009/10 ar aghaidh	Blianta 4, 5, 6 agus 7

Má tá do pháiste sna bliainghrúpaí seo déanfaidh siad an measúnú seo ar ríomhaire le linn gnáth-am scoile.

Ní teist fhoirmeálta í. Tig le paistí i ngaelscoileanna agus in aonaid an measúnú a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Ag Tuairisciú Duit ar Dhul Chun Cinn Do Pháiste

Gheobhaidh tú tuairisc bhliantúil go fóill ag deireadh gach scoilbhliana. Léireoidh seo an dul chun cinn atá á dhéanamh ag do pháiste sna gnéithe éagsúla den churaclam, ag forbairt scileanna sa chumarsáid agus ag úsáid matamaitice san áireamh.

Má tá do pháiste i mBliainghrúpa a dhéanann an measúnú InCAS, tabharfar cuireadh duit freastal ar chruinniú ag an scoil agus pléifear na fothorthaí measúnaithe leat i dtéarma an fhómhair den scoilbhliain – ní thaispeánfar iad arís ar an tuairisc bhliantúil as siocair go dtagann seo ag deireadh na scoilbhliana.

Thar an chéad dá bhliain eile atá romhainn tabharfar isteach formáid níos caighdeánaí don tuairisc bhliantúil. Cuirtear proifíl páiste air seo in amanna. Ciallaíonn sé seo gur cuma cén scoil a dtéann do pháiste chuici beidh an leagan amach comhchosúil

ar an tuairsic. Fuair roinnt tuistí tuairsic bhliantúil cheana i bhformáid chaighdeánach i Meitheamh 2008. Ó Mheitheamh 2009 gheobhaidh tú a leithéid de thuairisc má tá do pháiste i mBlianta 1,2,5 agus 6. Ó Mheitheamh 2010 gheobhaidh tuistí na bpáistí uile i mBlianta 1 go 7 tuairisc bhliaintúil i bhformáid chaighdeánach.

Tacaíocht do Scoileanna agus Mhúinteoirí

Tá múinteoirí á dtraenáil, agus tá ábhair mhúinteoireachta agus tacaíochta á soláthar chun cuidiú le scoileanna bheith ag dul don churaclam athbhreithnithe agus measúnú agus socruithe tuairiscithe a chur in áit. Mar aon leis seo, tá bunscoileanna ag fáil maoiniú sa bhreis le haghaidh cúntóirí ranga agus ábhar chun cuidiú leo na riachtanais ar leith san churaclam do pháistí i mBliain 1 agus 2 a chomhlánadh.

Cad é eile atá ag tarlú?

Tá molta ag an Aire Oideachais, Caitríona Ruane, faoin dóigh ar chóir do pháistí aistriú ó bhunscoil go hiarbhunscoil ó 2009/10 ar aghaidh.

Ní chuirfidh na socruithe aistrithe isteach go diúltach ar an churaclam athbhreithnithe agus ní bheidh múinteoirí ag teagsc le haghaidh scrúdaithe. Is tosaíocht í seo don Aire agus gheobhaidh tú eolas air seo ón Roinn in am d'aistriú 2010. Beidh gach scoil go fóill ag dul don churaclam athbhreithnithe agus na socruithe measúnaithe agus tuairiscithe.

Cá háit a dtig liom tuilleadh eolais a fháil?

Gheobhaidh tú eolas faoi na hathruithe mar a dtéann siad i bhfeidhm ar do pháiste. Chomh maith leis seo tig leat tuilleadh eolais a fháil ó shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: *www.deni.gov.uk*. Dá mba mhaith leat níos mó sonraí a fháil faoin churaclam athbhreithnithe, faoi na socruithe measúnaithe agus tuairiscithe, tig leat cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an churaclaim athbhreithnithe ag: *www.nicurriculum.org.uk*.

An Roinn Oideachais
Meán Fómhair 2008